Réamhrá

Inniu, is féidir leat rothaíocht ar chineálacha éagsúla rothar. Is féidir leat rothaíocht ar rothar rásaíochta. Is féidir leat rothaíocht ar rothar sléibhe.

Is féidir leat rothaíocht in áiteanna éagsúla. Is féidir leat rothaíocht ar bhóthar nó sa pháirc. Tá rothair an lae inniu an-éagsúil leis na rothair a bhíodh ann fadó.



Na Chéad Rothair

Sa Ghearmáin rinne fear meaisín siúil le dhá roth sa bhliain 1816. Bhí an rothar sin déanta d'adhmad. Ní raibh aon **troitheáin** air. Bhíodh ort siúl leis chun é a bhogadh. Stiúir daoine é le barra a bhí ceangailte den roth tosaigh.

Bhí rothaíocht ar mheaisín siúil ▶ rud beag cosúil le scútar a úsáid.

Bhí na chéad rothair déanta d'adhmad. Ní raibh aon troitheáin ar na rothair sin.